An Roinn Oideachais
Department of Education

# Clár Campaí Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS 2024

# Muinín agus Ceangail a Chothú

## Lámhleabhar do Mhúinteoirí

# Clár Ábhar

**Réamhrá** **4**
Clár Samhraidh 2024 - Muinín agus Ceangail a Chothú 4
Réasúnaíocht 4
Aidhmeanna 4
An Ghaeilge 5
Cé na gnéithe nua sa bhliain 2024? 5
Ról an Eagraí agus Ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh 5

1. Creat ginearálta agus treoirphrionsabail an Chláir Campaí Samhraidh 7
Creat an Chláir Campaí 7
Critéir do gach ceann de na ceithre réimse 7
Critéir do Thorthaí na bhFoghlaimeoirí 8
Critéir d'Eispéiris Spraíúla Foghlama 8
Critéir do Champaí a Bhainistiú 8
Critéir do thimpeallachtaí éagsúla foghlama a úsáid 9

2. Campa Samhraidh a Phleanáil 10
Fad an lae scoile 10
Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS 10
Róil agus Freagrachtaí 12
Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta 12
Freagrachtaí Eagraí agus Bhainisteoir an Champa Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS i ndlúthchomhar leis an gcomhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus pobail 13
Daltaí a shainaithint agus a roghnú 13
Beartais Scoile 14
Deontas an Chláir Samhraidh a Íoc 14

3. Smaointe praiticiúla chun tacú le teagasc agus foghlaim éifeachtach 15
Tarlaíonn foghlaim teanga ar bhealach spraíúil idirghníomhach 15
Féachtar ar na daltaí mar chomhdhearthóirí an champa samhraidh 15
Léiríonn foghlaim, teagasc agus measúnú cleachtas na scoile agus imríonn siad tionchar air 16
Folláine agus braistint chómhuintearais na ndaltaí 16

4. Modheolaíochtaí foghlama teanga 17
Amanna tionóil agus imeachta 17

Am lóin 17
Taispeáin is inis 17
Timpeallachtaí foghlama 17
Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí 18
Acmhainní leabharlainne a úsáid 18
Gníomhaíochtaí neartaithe foirne 19
Measúnú 19
Oiliúint 19

5. Treoir bhreise do mhúinteoirí chun tacú leis an gclár campaí samhraidh 20
Pleanáil agus ullmhúchán éifeachtach 22
Ról na n-éascaitheoirí campaí samhraidh 23
Ról na Cigireachta 23
Acmhainní 23

# Réamhrá

## Clár Samhraidh 2024 - Muinín agus Ceangail a Chothú

Go raibh maith agat as smaoineamh faoi Chlár Campaí Samhraidh a eagrú i do scoil sa bhliain 2024. Tá an clár ar siúl le blianta fada anuas. Tá an Roinn ag leathnú an chláir chuig cohórt níos leithne scoileanna ón mbliain 2020 i leith ionas gur féidir tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dóibh sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.

Cuirfidh an clár i mbliana leis an obair a rinneadh le linn an Chláir Campaí Samhraidh 2022. Beidh sé mar aidhm leis muinín daltaí a fhorbairt agus cur lena n-inspreagadh, folláine a chur chun cinn agus, i gcás na ndaltaí sin atá ag príomhchéimeanna aistrithe, cabhrú lena chinntiú go mbeidh siad in ann dul ar aghaidh go rathúil chuig an socrúchán oideachais atá beartaithe acu i mí Mheán Fómhair an bhliain seo chugainn. Is é 'Muinín agus Ceangail a Chothú' an téama don chlár samhraidh i mbliana.

## Réasúnaíocht

Tá an Clár Campaí Samhraidh do scoileanna DEIS dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaltaí a sainaithníonn agus a measann an scoil go bhfuil an leibhéal is airde riachtanais acu, go háirithe i ndáil leis na téamaí atá i bplean gníomhaíochta DEIS na scoile.

Tugann an clár campaí samhraidh tacaíocht agus spreagadh do scoileanna leas a bhaint as na modhanna is fearr teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá acu chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaltaí i seomraí ranga, sa timpeallacht fhíorúil agus i dtimpeallachtaí lasmuigh. Déanann daltaí a gcuid foghlama is fearr nuair a bhíonn ról gníomhach acu sa phróiseas foghlama agus nuair is féidir leo na nithe a fhoghlaimíonn siad sa champa a cheangal lena n-eispéiris foghlama sa bhaile agus ar scoil.

Ar mhaithe le rannpháirtíocht daltaí a chur chun cinn, ba cheart, a bhuí le dearadh agus eagrú an chláir, do dhaltaí bheith in ann tionchar a imirt ar na nithe a fhoghlaimíonn siad agus ar an dóigh a bhfoghlaimíonn siad le linn an champa. Ba cheart guth an tuismitheora agus an chaomhnóra a spreagadh chun tacú leis an gcampa ar bhealaí fiúntacha idirghníomhacha.

Mar a tharlaíonn i gcónaí, leagfar béim láidir ar Mhatamaitic agus ar theangacha – Gaeilge agus Béarla – a fhoghlaim ar bhealach idirghníomhach spraíúil. Tá sé sin ar cheann de na príomhphrionsabail atá i gCuraclam Teanga na Bunscoile 2019.

## Aidhmeanna

Is iad seo a leanas na haidhmeanna sonracha atá leis an gClár Campaí Samhraidh:

- Tacú le folláine shóisialta, fhisiciúil agus mhothúchánach daltaí
- Daltaí a chumasú caidreamh a chothú le piaraí agus le múinteoirí agus tacú lena gceangal leis an scoil

- Raon éagsúil eispéireas oideachasúil saibhir a sholáthar do dhaltaí i dtimpeallachtaí difriúla, rud a chothaíonn braistint folláine, chómhuintearais agus chruthaitheachta agus a chuireann muinín na ndaltaí as an bhfoghlaim chun cinn.

## An Ghaeilge

I scoileanna lán-Ghaeilge, tá sé tábhachtach gurbh í an Ghaeilge teanga oibre agus chumarsáide an chláir samhraidh.

## Cé na gnéithe nua sa bhliain 2024?

Tá dhá scéim ar fáil sa Chlár Samhraidh 2024 do **bhunscoileanna príomhshrutha.**

**Beidh na campaí uile sa dá scéim á rith ag an am céanna le haghaidh 2024.**

| **Scéimeanna an Chláir Samhraidh** | **Ar fáil do:** |
|---|---|
| 1. An Scéim Bunscoileanna | Gach bunscoil príomhshrutha aitheanta (lena n-áirítear scoileanna a bhfuil ranganna speisialta acu agus bunscoileanna DEIS) |
| 2. Campaí Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta | Gach bunscoil DEIS |

**<u>Leagtar amach sa lámhleabhar seo na mionsonraí i ndáil leis na Campaí Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta do bhunscoileanna DEIS.</u>**

## Ról an Eagraí agus Ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh

In 2023, tugadh isteach ról an Eagraí, in ionad na n-uaireanta ullmhúcháin a bhí ar fail sna blianta roimhe seo, chun cabhrú le scoileanna tacú lena bpleanáil agus lena rannpháirtíocht sa Chlár Samhraidh – fanann ról agus feidhmeanna an róil seo omar a chéile den chuid is mó le blianta roimhe sin. Beidh an tEagraí agus Bainisteoir an Chláir Samhraidh freagrach as gach clár samhraidh (an Clár Bunscoileanna agus na Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS).

Tá an ról nua mar **Eagraí** á thabhairt isteach ionas gur féidir le boird bhainistíochta agus le príomhoidí scoile freagrachtaí as an gclár a phleanáil agus a ullmhú a shannadh ag céim i bhfad níos luaithe dá scoilbhliain. Beidh ról mar **Bhainisteoir an Chláir Samhraidh** ann sna míonna samhraidh freisin nuair a bheidh an clár á reáchtáil sa scoil. Moltar do phríomhoidí dul i dteagmháil le baill foirne chun na freagrachtaí sin a ghlacadh chucu féin ar mhaithe le hualach oibre an phríomhoide a mhaolú agus ar mhaithe le ceannaireacht dháilte a chur chun cinn.

Tugann na róil mar Eagraí agus mar Bhainisteoir an Chláir Samhraidh deis chorraitheach ghairmiúil do mhúinteoirí cur lena scileanna ceannaireachta agus taithí bhainistíochta a ghnóthú ar leibhéal scoile uile agus ar leibhéal forbartha gairme araon. Leagfar na róil sin amach ar bhealach níos mine i rannán 4 den doiciméad seo.

Ba cheart an Lámhleabhar seo a léamh i gcomhar leis an bhForbhreathnú ar an gClár Samhraidh 2024, rud is féidir a rochtain ag an nasc seo: https://www.gov.ie/Summerprogramme

# 1. Creat ginearálta agus treoirphrionsabail an Chláir Campaí Samhraidh

## Creat an Chláir Campaí

Is iad na ceithre réimse den chlár a threoróidh dearadh agus soláthar na gCampaí Samhraidh uile, cibé acu trí Bhéarla nó trí Ghaeilge. Buntacóidh ceithre phrionsabal uileghabhálacha leo freisin.




## Critéir do gach ceann de na ceithre réimse

Cinntigh go n-úsáidfidh tú na critéir seo a leanas chun pleanáil agus soláthar an champa a threorú. Úsáidfear na critéir seo freisin chun bonn eolais a chur faoi na meastóireachtaí a dhéanfaidh cigirí ar an soláthar campaí samhraidh.

## Critéir do Thorthaí na bhFoghlaimeoirí

- Baineann siad go díreach le riachtanais shainaitheanta na ndaltaí i dteanga agus/nó i Matamaitic
- Labhraíonn na daltaí faoina gcuid foghlama ar bhealach eolach athmhachnamhach
- Tugtar inspreagadh do na daltaí mar fhoghlaimeoirí agus gnóthaíonn siad braistint ghnóthachtála
- Déanann na torthaí beartaithe foghlama ceangail fhiúntacha le hobair na scoile
- Déanann na múinteoirí faireachán agus measúnú cuí ar thorthaí foghlama na ndaltaí

## Critéir d’Eispéiris Spraíúla Foghlama

Maidir le daltaí:

- Gabhann siad go gníomhach do ghníomhaíochtaí spreagthacha agus spraíúla foghlama
- Oibríonn siad i gcomhar lena chéile agus tugann siad faoi thascanna atá sách dúshlánach
- Gabhann siad do ghníomhaíochtaí ina réitíonn siad gnáthfhadhbanna laethúla
- Cumasaítear iad braistint úinéireachta agus freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama

## Critéir do Champaí a Bhainistiú

Cinntíonn eagraithe an champa na nithe seo a leanas

- Tá ról ag an eagraí, ag na múinteoirí agus ag na daltaí maidir leis an gcampa a phleanáil
- Tá timpeallacht foghlama atá rianúil, slán, sábháilte agus sláintiúil ar bun
- Comhlíontar ceanglais na Roinne Oideachais maidir le Cosaint Leanaí agus maidir le réimsí eile beartais
- Cuirtear tinreamh iomlán agus poncúlacht chun cinn gach lá den champa agus tá straitéisí foilsithe ann ina leith sin
- Baintear an úsáid is fearr is féidir as na cistí atá ar fáil chun tacú le foghlaim daltaí agus chun í a bhreisiú
- Pleanálann an fhoireann gach lá chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar
- Soláthraítear deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht fhiúntach ó thuismitheoirí agus ón bpobal

## Critéir do thimpeallachtaí éagsúla foghlama a úsáid

Maidir le timpeallachtaí foghlama:

- Níl siad teoranta don seomra ranga agus don seomra ranga amháin
- Úsáidtear iad chun foghlaim fhiosrúchánbhunaithe ó thaithí a chur chun cinn
- Dírítear go soiléir iontu ar an spriocthteanga agus ar na torthaí foghlama

# 2. Campa Samhraidh a Phleanáil

Féadfaidh scoileanna spriocdhíriú ar an gcohórt leanaí a mheasann siad a bheith cuí, agus aird chuí á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le luath-idirghabháil agus ar riachtanais aonair na ndaltaí. Féadfaidh scoileanna áiteanna a leithdháileadh ar aon aoisraon ar bith. Is í do scoil a chinnfidh an dearadh ar do Champa Samhraidh, bunaithe ar riachtanais do dhaltaí. Cistítear an clár chun spriocdhíriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus sóisialta. Tá sé mar aidhm leis an gclár cúnamh a thabhairt do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta nó acadúla acu ó thaobh teanga agus uimhearthachta de agus a bhainfeadh tairbhe as Campa Samhraidh aon seachtaine a mbeadh cóimheas an-bheag múinteoirí is daltaí aige.

| **An líon campaí/múinteoirí** | **An líon daltaí** |
|---|---|
| **1** | 12 |
| **2** | 24 (scoileanna a bhfuil ochtar múinteoirí príomhshrutha nó níos lú acu) |
| **3** | 36 (scoileanna a bhfuil níos mó ná naonúr múinteoirí príomhshrutha acu) |

Beidh an cóimheas múinteoirí is daltaí cothrom le 1:12 i bhformhór na gcampaí, agus 36 dhalta ann gach seachtain.

Maidir le scoileanna a bhfuil ochtar múinteoirí príomhshrutha nó níos lú acu, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar Champa Samhraidh a chuimseoidh beirt mhúinteoirí agus 24 dhalta a reáchtáil (áit a gcoinneofar an cóimheas 1:12 ar bun).

Sa bhliain 2024, féadfaidh scoileanna múinteoir breise a cheapadh chuig an ról mar "eagraí" chun tacú le hobair an champa – i ndáil le prótacail sláinte agus sábháilteachta, i ndáil le cumarsáid agus i ndáil le haon chúraimí eile atá ábhartha do chomhthéacs na scoile féin.

Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil daltaí atá á rollú sna Naíonáin Sóisir i mí Mheán Fómhair 2024 incháilithe chun freastal ar na campaí seo.

## Fad an lae scoile

### Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS

Soláthrófar gníomhaíochtaí do champaí litearthachta agus uimhearthachta do bhunscoileanna DEIS ar feadh 22.5 uair sa tseachtain.

- Tá campa le tosú tráth nach déanaí ná 10 a.m.
- Ní mór teagasc a sholáthar ar feadh ceithre huaire an chloig gach lá
- De bhreis ar theagasc ar feadh ceithre huaire an chloig, cuirtear 30 nóiméad i leataobh gach lá le haghaidh tréimhse lóin/sosa atá faoi lánmhaoirseacht
- Ba cheart lón sláintiúil a sholáthar, i gcomhairle leis na daltaí

- I gcás go soláthrófar bricfeasta, ní bhainfidh sé sin ó na cheithre huaire an chloig de theagasc

Is iad seo a leanas roinnt ceisteanna atá le cur san áireamh agus campa á phleanáil agat:

- Cé na riachtanais shonracha foghlama atá ag mo dhaltaí?
- Cé na heispéiris spraíúla foghlama a thacófar le riachtanais na ndaltaí?
- Cé na timpeallachtaí éagsúla foghlama is féidir a úsáid chun rud spraíúil a dhéanamh den fhoghlaim?
- Conas a dhéanfar faireachán agus measúnú ar fhoghlaim na ndaltaí?

Bí ar an eolas faoi ról agus freagrachtaí na ndaoine difriúla de phearsanra do scoile sula n-eagraíonn tú do champa samhraidh.

# Róil agus Freagrachtaí

## Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta

- Gach socrú riachtanach a dhéanamh, lena n-áirítear árachas, cóiríocht oiriúnach a shocrú, eagraí agus bainisteoir a cheapadh, múinteoirí cáilithe a fhostú, agus a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tionscadal gach freagracht dhlíthiúil agus gach freagracht eile atá ar an bhfostóir.

- Formhaoirseacht airgeadais a dhéanamh ar an gcampa
    - gan an deontas a chaitheamh ach amháin chun íocaíochtaí údaraithe a dhéanamh
    - taifid agus admhálacha bunaidh a chothabháil
    - tuairisc a ullmhú ar an gcampa, rud ina ndeimhneofar tinreamh agus ioncam agus caiteachas

- Plean Freagartha COVID-19 a fhorbairt agus a chur chun feidhme, más gá

- Gach beartas ábhartha scoile a oiriúnú (nuair is gá) agus a chur chun feidhme. Meabhraítear don Bhord Bainistíochta go bhfuil feidhm ag na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 maidir le gach gníomhaíocht scoile, lena n-áirítear campaí samhraidh. Chuige sin, más rud é nach mbeidh an duine idirchaidrimh ainmnithe ná an leasduine idirchaidrimh ainmnithe ar fáil le linn na tréimhse seo, ba cheart don Bhord Bainistíochta/don Bhord Oideachais agus Oiliúna socruithe a dhéanamh chun duine/daoine d'fhoireann an chláir samhraidh a ainmniú chun ról an duine idirchaidrimh ainmnithe agus an leasduine idirchaidrimh ainmnithe a chomhlíonadh ar bhonn sealadach. Ní mór don bhord bainistíochta an cinneadh sin a dhéanamh agus ní mór an cinneadh a bheith doiciméadaithe go soiléir i miontuairiscí an bhoird. Is gá ainm an duine idirchaidrimh ainmnithe ghníomhaigh/an leasduine idirchaidrimh ainmnithe ghníomhaigh a bheith ar taispeáint in áit fheiceálach sa bhealach isteach/amach chuig an limistéar den scoil ina bhfuil an clár samhraidh ar siúl. Is gá don duine idirchaidrimh ainmnithe gníomhach/don leasduine idirchaidrimh ainmnithe gníomhach tabhairt faoi oiliúint atá cuí dá ról roimh thús an chláir samhraidh.

- De réir Nósanna Imeachta 2017, ba cheart aird a bheith tugtha sa mheasúnú riosca agus sa Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí ón scoil ar aon ghníomhaíocht nó aon seirbhís faoin gclár samhraidh agus ba cheart na rioscaí díobhála a sainaithníodh agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú a bheith sonraithe iontu.

- Is gá nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear an beartas frithbhulaíochta agus na nósanna imeachta frithbhulaíochta chun feidhme agus go gcloífear leo le linn an chláir samhraidh agus chun a chinntiú go gcuirfear príomhoide na scoile agus an bord bainistíochta ar an eolas faoi aon ábhair imní bulaíochta nó faoi aon teagmhais bhulaíochta.

**Freagrachtaí Eagraí agus Bhainisteoir an Champa Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS i ndlúthchomhar leis an gcomhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus pobail**

- Roghnú na ndaltaí a threorú agus moltaí a dhéanamh ina leith
- Obair i gcomhar leis an bhfoireann chun an campa a phleanáil
- A chinntiú go mbeidh folláine agus foghlaim na ndaltaí ceangailte le hobair na scoile
- Deiseanna a thabhairt d'fhoireann an champa nó do na rannpháirtithe torthaí a chomhroinnt leis an bpobal scoile le linn na bliana

**Freagrachtaí na Múinteoirí Campa**

- Na daltaí a roghnú, i gcomhairle leis an bpríomhoide agus leis an gcomhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus pobail
- Cóimheas 1:12 idir an múinteoir agus daltaí a choinneáil ar bun
- A chinntiú go gcuirfear ról an fhormhaoirseora i gcrích de réir an doiciméid dar teideal Forbhreathnú ar an gClár Samhraidh do gach Bunscoil 2024 – Téarmaí agus Coinníollacha
- Obair ar feadh na seachtaine ar fad den champa
- A chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ar an aon teanga chumarsáide amháin sna campaí lán-Ghaeilge

Nuair a thosóidh tú ag ullmhú do na Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS, beidh ort breithniú agus sainaithint a dhéanamh ar na daltaí a bhainfidh an tairbhe is mó ó pháirt a ghlacadh sna campaí. Beidh na critéir seo a leanas úsáideach duit ina leith sin:

## Daltaí a shainaithint agus a roghnú

- Na daltaí a bhfuil an riachtanas is mó acu
    - riachtanais oideachais nó shóisialta
    - bunaithe ar thorthaí measúnaithe
    - breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le luath-idirghabháil agus le haistrithe
    - breithniú a dhéanamh ar chohóirt aoise
    - tá gach rang incháilithe

- Coinnítear liosta teagmhasach daltaí ar bun chun aon fholúntais a thagann chun cinn a líonadh ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh an líon riachtanach daltaí i láthair ar gach lá den champa
- Ba cheart leathán tinrimh campa a chomhlánú gach lá

# Beartais Scoile

- Ceanglófar ar scoileanna a gcuid beartas maidir le Cosaint Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht, Gníomhaíocht Frithbhulaíochta, Iompraíocht, Teagmhais Chriticiúla agus Bia Sláintiúil a chur i bhfeidhm le linn an Champa Samhraidh. Ní mór do gach múinteoir cóipeanna de na beartais sin a bheith aige/aici agus ba cheart iad a bheith ar fáil lena n-athbhreithniú.

- Ní mór ainm an duine idirchaidrimh ainmnithe agus an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a bheith ar taispeáint in áit fheiceálach i gcóngar an bhealaigh isteach chuig an scoil a úsáidfear le linn an champa.

- Ní mór ceanglais ghrinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh do thuismitheoirí agus do dhaoine den phobal a rannchuideoidh le hobair an champa, agus ní mór iad a chur ar an eolas faoi na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha uile. Ní mór iad a chur ar an eolas freisin go mbeidh Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí i bhfeidhm le linn ghníomhaíochtaí an champa samhraidh.

- Ní mór d'oifigeach ainmnithe sláinte agus sábháilteachta a bheith ar fáil ar an láithreán ar feadh thréimhse an champa agus ní mór é/í a bheith ainmnithe ar an doiciméad beartais ábhartha.

- Is gá Plean Freagartha Covid-19 a bheith i bhfeidhm le haghaidh oibriú sábháilte inbhuanaithe na scoile.

- Ba cheart gach ball foirne a bheidh ag obair le leanaí le linn an chláir samhraidh a chur ar an eolas faoi bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ní mór dóibh cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach ann.

# Deontas an Chláir Samhraidh a Íoc

**Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS**

Íocfar deontas neamhphá a bheidh cothrom le €30 in aghaidh an dalta in aghaidh na seachtaine le gach scoil atá rannpháirteach sna Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS.

Déanfaidh Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar/Ionad Oideachais na hUaimhe an cistiú do champaí DEIS a íoc isteach i gcuntas bainc do scoile trí ríomhaistriú airgid roimh thús an champa. Déanfaidh an tIonad Oideachais cumarsáid dhíreach le gach scoil a chláraigh tríd an Tairseach Clárúcháin ar Líne.

# 3. Smaointe praiticiúla chun tacú le teagasc agus foghlaim éifeachtach

## Na ceithre phrionsabal i ngníomh

### Tarlaíonn foghlaim teanga ar bhealach spraíúil idirghníomhach

- Déantar eispéiris foghlama a phleanáil, agus cuirtear acmhainní ar fáil dóibh, ar bhealach cúramach, agus leas á bhaint as rannpháirtíocht iomlán na ndaltaí i gcomhar lena múinteoirí, lena bpiaraí agus lena dtuismitheoirí
- Díriú ar an spriocteanga
- Teagasc follasach teanga nua
- Aistear, Drámaíocht, amhránaíocht chomhchoiteann*
- Úsáid an limistéir lasmuigh – siúlóidí conaire, treodóireacht, babhtaí tóraíochta, turais allamuigh, picnicí
- Gníomhaíochtaí comhoibríocha: lón a ullmhú de láimh, cócaireacht
- Turgnaimh, imscrúduithe, ceardaíocht, samhlacha, dear agus déan
- Teagmháil leis an leabharlann/leabharlannaí áitiúil; leis an leabharlann scoile
- Úsáid bharrmhaith a bhaint as amanna tionóil agus imeachta chun an fhoghlaim a phlé, a léiriú, a chur i láthair agus a chomhroinnt i dtimpeallacht chomhchoiteann
- An fhoghlaim a thaispeáint do thuismitheoirí agus do phiaraí – taispeántais, láithreoireachtaí nó drámaíocht ag am tionóil/imeachta nó ar an Aoine tar éis an lóin (ag brath ar na treoirlínte Sláinte Poiblí atá i bhfeidhm ag an am atá an campa ar siúl)

### Féachtar ar na daltaí mar chomhdhearthóirí an champa samhraidh

- Tugtar spreagadh agus tacaíocht do na daltaí cabhrú leis an gcampa a dhearadh, agus fáiltítear roimh ionchur ó thuismitheoirí freisin
- Roimh chéim an champa agus lena linn: spreagtar smaointe ó dhaltaí
- Soláthar an champa: Ar bhonn leanúnach, déanfaidh na múinteoirí na cuspóirí foghlama a chomhroinnt agus a chomhaontú gach lá, daingneoidh siad foghlaim na ndaltaí ag deireadh gach ceachta, agus éascóidh siad athbhreithniú ar fhoghlaim na ndaltaí ag deireadh an champa

## Léiríonn foghlaim, teagasc agus measúnú cleachtas na scoile agus imríonn siad tionchar air

- Úsáidtear gnéithe éifeachtacha de chleachtas na scoile amhail modheolaíochtaí teagaisc agus cleachtais mheasúnaithe.
- Úsáidtear modheolaíochtaí éifeachtacha chun tacú leis an bhfoghlaim i ngrúpaí beaga
- Tugtar modheolaíochtaí rathúla campa ar ais isteach sa seomra ranga sa scoilbhliain ina dhiaidh sin
- Trí mheasúnuithe simplí bonnlíne agus deireadh campa a chruthú, cuirfear bonn eolais faoin díriú ar an gcuraclam sa scoil
- Tugtar deiseanna do na daltaí a gcuid foghlama a chomhroinnt leis an scoil/leis an rang, e.g., ag an tionól

## Folláine agus braistint chómhuintearais na ndaltaí

- Díriú ar chaidreamh a chothú trí chluichí comhoibríocha neamhiomaíocha
- Eispéiríonn na daltaí roghnaithe an t-áthas a ghabhann le hobair foirne agus féiniúlacht chomhchoiteann ar feadh thréimhse an champa
- Socrú comhchoiteann spriocanna
- Timpeallacht campa atá cairdiúil, spraíúil agus tarraingteach
- Amhrán campa
- Comhartha fáilteach tarraingteach campa ag an mbealach isteach chuig an scoil
- Dearbhuithe, fógraí laethúla WOW, nótaí spreagtha do na daltaí, boscaí mianta
- T-léine campa, caipín campa, buidéal uisce campa, peann luaidhe campa
- Díriú ar an bhfoghlaim ghníomhach i ngrúpaí, i bhfoirne agus i mbeirteanna agus ar thascanna agus cluichí an champa uile
- Na daltaí a spreagadh teacht amach as a gcriosanna compoird

# 4. Modheolaíochtaí foghlama teanga

Agus é aitheanta go hidirnáisiúnta, tá an cur chuige cumarsáideach ar an gcur chuige is éifeachtaí i leith foghlaim teanga. Is é atá i gceist leis sin ná tumadh sa sprioctheanga agus deiseanna leanúnacha le haghaidh labhairt agus cumarsáid a dhéanamh. Tarlaíonn na deiseanna sin ar fud an lae:

## Amanna tionóil agus imeachta

Soláthraíonn amanna tionóil maidine agus amanna imeachta tráthnóna deiseanna do na múinteoirí, na daltaí agus na tuismitheoirí bualadh le chéile, beannú dá chéile agus braistint phobail agus cuspóir comhroinnte a fhorbairt. Mar sin féin, tabharfar tús áite don chomhairle sláinte poiblí maidir le hamanna tionóil/imeachta agus do chleachtais eile ag an am atá an campa ar siúl. Is amanna leanúnacha iad sin ag ar féidir leis na daltaí amhráin champa a chanadh agus a gcuid dóchas agus spriocanna foghlama a chomhroinnt, a n-éachtaí a thaispeáint agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí neartaithe foirne.

## Am lóin

Is é am lóin an t-am is fearr le haghaidh ionchur a thabhairt do na daltaí sa bhiachlár a phleanáil, sa bhia a ullmhú agus a ordú agus i dtaitneamh a bhaint as, sa tábla a réiteach agus i nglanadh. Is féidir leis na múinteoirí cabhrú leis na daltaí scileanna sóisialta cuí agus comhráite a shamhaltú agus a spreagadh. Sna suíomhanna is fearr, baineann na múinteoirí úsáid as na deiseanna sin le haghaidh foghlaim teanga.

## Taispeáin is inis

Is féidir le babhta nádúrtha ‘taispeáin is inis’ cur go mór leis an gcampa. Is iad tuismitheoirí agus baill teaghlaigh an lucht féachana is fearr le haghaidh an cheiliúrtha seo ar ghnóthachtáil na ndaltaí. Níor cheart an láithreoireacht sin a róchleachtadh ná níor cheart di barraíocht ama a thógáil amach ó ghnáthghníomhaíochtaí an champa. Ina ionad sin, ba cheart di teacht amach as gníomhaíochtaí gach lae mar láithreoireacht amhairc, cheoil agus ó bhéal ar ghníomhaíochtaí an champa. Níor cheart an babhta ‘taispeáin is inis’ a dhéanamh ach amháin san uair dheiridh den lá deiridh den champa mar chineál searmanais críochnaithe ceiliúrtha.

## Timpeallachtaí foghlama

Ba cheart raon éagsúil timpeallachtaí foghlama lasmuigh agus laistigh a sholáthar, ar timpeallachtaí iad:

- Atá fáilteach agus compordach
- Atá ina n-áiteanna ina gcuirtear an chruthaitheacht chun cinn
- Atá ina spásanna inar féidir leis na daltaí bheith gníomhach

- Atá fabhrach do scileanna sóisialta agus scileanna réitigh fadhbanna a fhorbairt

Roinnt samplaí: Clós agus tailte na scoile, spásanna glasa áitiúla, an leabharlann scoile, an halla scoile, an seomra ilchuspóirí, seomra Aistear, an seomra ríomhaireachta, an seomra foirne, an seomra tuismitheoirí, dorchlaí agus seomraí ranga.

## Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí

Ba cheart do na Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta do Bhunscoileanna DEIS ról a thabhairt do thuismitheoirí ar a oiread bealaí agus is féidir. Seo iad roinnt moltaí:

- Déan teagmháil le tuismitheoirí chun iad a chur ar an eolas faoi théama/gníomhaíochtaí an champa
- Tabhair do theaghlaigh liostaí léitheoireachta samhraidh de na leabhair atá ar fáil ina leabharlann chun cabhrú leo leanúint le scileanna léitheoireachta a fhorbairt thar an samhradh
- Cuir roinnt gníomhaíochtaí molta a d'fhéadfadh siad a dhéanamh sa bhaile ar áireamh
- Tabhair cuireadh do theaghlaigh freastal ar an mbabhta 'taispeáin is inis' agus dul chuig an leabharlann agus tabhair deiseanna do na daltaí a n-éachtaí a thaispeáint go sábháilte (ar aon dul leis an gcomhairle Sláinte Poiblí atá i bhfeidhm ag an am sin)
- Tabhair leabhair, irisleabhair nó soláthairtí eile litearthachta/uimhearthachta mar dhuaiseanna le linn imeachtaí
- Óstáil gníomhaíochtaí spraíúla ina n-oibríonn na daltaí agus teaghlaigh ar ghníomhaíochtaí spraíúla curaclaim le chéile

## Acmhainní leabharlainne a úsáid

Tá cuairt ar an leabharlann áitiúil ina cuid **mholta** fhíor-ráthúil den Chlár Campaí Samhraidh i ngach cás go dtí seo. Chun feasacht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí ar an leabharlann agus ar leabhair i gcoitinne a mhéadú, **smaoinigh, agus an campa á phleanáil agat, faoi** na bearta a d'fhéadfá á dhéanamh chun ceangal leis an leabharlann áitiúil nó leis an leabharlann scoile agus chun a chinntiú go rannchuideoidh acmhainní na leabharlainne áitiúla nó na leabharlainne scoile ar bhealach fiúntach le téama agus teanga an champa. Ní mór é sin a phleanáil tamall maith roimh an gcampa chun rath a uasmhéadú.

## Gníomhaíochtaí neartaithe foirne

Le gníomhaíochtaí neartaithe foirne, tabharfar deiseanna do na daltaí scileanna amhail obair foirne, comhar, smaointeoireacht chruthaitheach, rannpháirtíocht chomhoibríoch agus scileanna sóisialta a fhoghlaim agus tabharfar deis dóibh caidreamh a fhorbairt le chéile. Cuid lárnach d’éiteas an Chláir Campaí Samhraidh is ea scileanna cumarsáideacha na ndaltaí sa spriocteanga a shaibhriú trí obair agus súgradh le chéile.

## Measúnú

Úsáidfear faisnéis measúnaithe chun riachtanais foghlama na ndaltaí a shainaithint, chun bonn eolais a chur faoi roghnú daltaí agus faoi dhearadh an champa, agus chun cabhrú leis an teagasc a choigeartú le linn an champa agus leis an bhfoghlaim a cheiliúradh. Áirítear na nithe seo leis na straitéisí measúnaithe praiticiúla atá le húsáid le linn an champa:

- Critéir ratha a úsáid
- Aiseolas éifeachtach a thabhairt
- Ceistiú a úsáid go héifeachtach
- Féinmheasúnú
- Piarmheasúnú
- Rúibricí, seicliostaí, loga/aistear foghlama, líníochtaí anótáilte, léarscáileanna coincheapa, grianghraif, gearrthóga físe, leabhar gearrthóg, fillteán féinmheasúnaithe agus foghlama

## Oiliúint

Eagraíonn Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais oiliúint do na múinteoirí uile a ghlacann páirt sa Chlár Campaí Samhraidh. Is **éigeantas** é sin. Beidh an oiliúint comhdhéanta de roinnt seimineár Gréasáin beo. Pléifear iontu sin gnéithe tábhachtacha amhail tacú le folláine múinteoirí agus daltaí, timpeallachtaí foghlama, modheolaíochtaí spraíúla teagaisc, deiseanna a bhaineann leis an leabharlann, pleanáil agus measúnú, agus ceanglais riaracháin. Maidir leis na seisiúin oiliúna le haghaidh an Clár Campaí Samhraidh a sholáthar, óstálfar iad ar shuíomh Gréasáin Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Eiseofar tuilleadh mionsonraí chuig gach scoil rannpháirteach.

# 5. Treoir bhreise do mhúinteoirí chun tacú leis an gclár campaí samhraidh

- Foghlaim agus teagasc éifeachtach teanga
- Pleanáil agus ullmhúchán éifeachtach
- Ról na n-éascaitheoirí campaí samhraidh
- Ról na Cigireachta
- Acmhainní

## Foghlaim agus teagasc éifeachtach teanga

Croí-chomhpháirt de na campaí samhraidh is ea a theagasc do na leanaí conas cumarsáid a dhéanamh i dteanga an champa. Sular féidir le leanaí cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn gníomhaíochtaí agus tascanna, ní mór na heiseamláirí sprioctheanga a theagasc go héifeachtach dóibh i mBéarla nó i nGaeilge.

Agus é aitheanta go hidirnáisiúnta, tá an cur chuige cumarsáideach ar an gcur chuige is éifeachtaí i leith foghlaim teanga. Is é atá i gceist leis ná fíorchásanna agus topaicí ábhartha ina labhraíonn leanaí, agus ina ndéanann siad cumarsáid, le cuspóir cinnte. Ní mór do na leanaí roghanna a bheith acu maidir le cad a déarfaidh siad. Tá cosc ann ar scripteanna, mar sin! Ar mhaithe le dea-chumarsáid a bhaint amach, ná déan dearmad gur gá a theagasc do na leanaí conas ceisteanna a chur.

Tá na nithe seo a leanas i gceist leis na croíghnéithe d’fhoghlaim éifeachtach teanga:

1. Éisteacht
2. Tuiscint
3. Athrá
4. Labhairt agus cumarsáid a dhéanamh

Cé go gcomhlánaíonn gach ceann de na ceithre ghné a chéile agus go dtacaíonn siad lena chéile, is iad na haidhmeanna deiridh atá le foghlaim teanga ná labhairt agus cumarsáid a dhéanamh.

Cá dtosaíonn tú, mar sin?

1. Tosaigh trí dhíriú ar théama nó comhthéacs an champa

2. Pleanáil an sprioctheanga nua a bhaineann leis an téama agus leag amach na ceisteanna, na frásaí, na treoracha sonracha, etc., a úsáidfidh na leanaí chun cumarsáid a dhéanamh laistigh den chomhthéacs sin (e.g., cluiche cláir a imirt: 'mo sheal féin', 'cé leis an seal?', 'téigh siar'...)
3. Pleanáil an ghníomhaíocht shonrach nó an tasc sonrach ionas gur féidir leis na leanaí na heiseamláirí teanga nua a chleachtadh (e.g., nathracha is dréimirí)
4. Pleanáil conas a dhéanfaidh tú measúnú ar cé chomh maith agus a úsáideann na daltaí an sprioctheanga (seicliosta, físeán, etc.)

## Na trí chéim d'fhoghlaim éifeachtach teanga

***1. An chéim réamhchumarsáideach***

- Spreagthach – pictiúr, póstaer, físeán, dán, amhrán, sleamhnáin, etc.
- Sainaithnítear feidhm teanga, mar aon le heiseamláirí roghnaithe de theanga agus de stór focal.
- Áirítear leo sin focail agus abairtí nua agus, rud ba thábhachtaí fós, ceisteanna.
- Tarlaíonn ionchur teanga ansin – cuid mhór teagaisc dhírigh fhuinniúil.
- Athdheir na daltaí focail, frásaí agus ceisteanna nua arís agus arís eile – go príomha leo féin, ina mbeirteanna agus ina ngrúpaí – agus bogann siad ar aghaidh ó fhocail a rá chuig abairtí agus ceisteanna a chur le chéile trí phictiúir a úsáid mar leideanna.
- Léiríonn an múinteoir an fuaimniú ceart, an struchtúr ceart ar abairtí agus na gníomhaíochtaí cearta. Cleachtann na daltaí an teanga/an stór focal sin agus gabhann siad do dhruileanna – leabaíonn siad struchtúir theanga.
- Tacaíonn an timpeallacht foghlama leis an sprioctheanga.

***2. An chéim chumarsáideach***

- Tascanna/cluichí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga – cleachtann na leanaí an teanga nuashealbhaithe.
- Rólghlacadh, cluichí, gníomhaíochtaí drámaíochta, tascanna.
- Tugann an múinteoir cuid mhór tacaíochta i gcáil éascaitheach.

***3. An chéim iarchumarsáideach***

- Tugann an múinteoir aghaidh ar na hearráidí a sainaithníodh sa tréimhse chumarsáideach den cheacht. Tugtar teanga theagmhasach faoi deara le haghaidh pleanáil amach anseo.
- Leathnaítear struchtúr/teanga abairtí agus úsáidtear i gcomhthéacsanna eile iad.
- Tá an-chraic ag baint le gníomh-amhráin, le dánta agus le rímeanna.
- Déanann an múinteoir measúnú ar cháilíocht fhoghlaim teanga na leanaí agus pleanálann sé/sí na chéad chéimeanna eile.

# Pleanáil agus ullmhúchán éifeachtach

Ceanglaítear ar mhúinteoirí an chláir campaí samhraidh roinnt beartas éigeantach agus nósanna imeachta éigeantacha a chur i bhfeidhm chun reáchtáil shábháilte réidh an champa a chinntiú. Tá siad sin liostaithe sa lámhleabhar.

Ceanglaítear ar na múinteoirí i ngach campa pleanáil chuí agus ullmhúchán cuí a dhéanamh freisin chun a chinntiú go mbainfear na torthaí foghlama luaite amach. Chuige sin, ba cheart do na múinteoirí forbhreathnú/plean seachtainiúil a ullmhú don champa, rud ina soiléirítear an fhoghlaim bheartaithe ar bhealach ginearálta. Ba cheart ceisteanna amhail iad seo a leanas a fhreagairt ann:

- Cad is téama nó díriú an champa ann?
- Conas a chothófar folláine daltaí?
- Cé na torthaí foghlama ar leith i bhfoghlaim teanga a ndíreofar orthu?
- Cé na torthaí foghlama ar leith san uimhearthacht a ndíreofar orthu?
- Cé na torthaí foghlama eile a ndíreofar orthu?
- Cé na modheolaíochtaí a úsáidfear chun na torthaí sin a bhaint amach?
- Cé na heispéiris spraíúla foghlama a phleanálfar?
- Cé na comhthéacsanna difriúla a úsáidfear (e.g., am lóin, tionól)
- Cé na timpeallachtaí foghlama a úsáidfimid, lena n-áirítear timpeallachtaí fíorúla?
- Cé na hacmhainní a úsáidfear?
- Conas a dhéanfaimid faireachán ar fhoghlaim na ndaltaí?

Ina theannta sin, ceanglaítear ar na múinteoirí pleanáil do gach ceacht nó do gach comhthéacs foghlama ar bhonn laethúil. Ba cheart an phleanáil laethúil a bheith ceangailte leis an dóigh a bpleanáiltear do na ceachtanna sonracha agus don chomhthéacs foghlama, bunaithe ar an bplean seachtainiúil. Mar chuid den obair sin, ba cheart athmhachnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá leagtha amach thuas agus iad a fhreagairt, agus an méid sin á dhéanamh ar bhealach níos mine an babhta seo. Sa phleanáil sin, ba cheart aird a thabhairt ar na cumais, na riachtanais agus na hábhair spéise dhifriúla atá ag na leanaí, mar aon le hathmhachnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an lae roimhe. Is fút féin a bheidh sé a chinneadh conas a chuirfidh tú do phleanáil i láthair. Is é an ghné is tábhachtaí ná go ndeachaigh an fhoireann tríd an bpróiseas pleanála agus gur ullmhaigh sí ar bhealach comhoibríoch.

## Ról na n-éascaitheoirí campaí samhraidh

Tá éascaitheoirí a oibríonn le gach Ionad Oideachais ar fáil chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt duit maidir le húsáid a bhaint as na modheolaíochtaí is éifeachtaí chun an fhoghlaim a bhreisiú ar bhealach spraíúil. Tugtar an tacaíocht thar an teileafón. Is ag na seisiúin faisnéise ar líne a thabharfar mionsonraí do mhúinteoirí faoin tacaíocht thar an teileafón. Cé go bhféadfaidh tú aon ghné de do Chlár Campaí Samhraidh a phlé leis na héascaitheoirí, díreofar go príomha ar an teagasc spraíúil agus ar an bhfoghlaim spraíúil atá ar siúl sa champa.

## Ról na Cigireachta

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, tabharfaidh an Chigireacht cuairt ar rogha campaí samhraidh agus déanfaidh sí meastóireacht orthu. Is é cuspóir na gcuairteanna dearbhú, tacaíocht agus comhairle a thabhairt do scoileanna maidir le hoibriú an chláir. Déanann cigirí ar cuairt meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair sa Chlár Campaí Samhraidh chun tuairisc a thabhairt do Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne ar cháilíocht fhoriomlán an tsoláthair agus chun moltaí a dhéanamh don Rannóg agus do scoileanna maidir le conas is féidir feabhas a chur ar na torthaí foghlama agus ar na heispéiris do dhaltaí.

Déantar meastóireacht ar gach cúrsa trí úsáid a bhaint as creat agus critéir na gcampaí. Tabharfaidh an cigire aiseolas duit ar chinntí na meastóireachta agus moltar duit príomhtheachtaireachtaí na cuairte a thaifeadadh. Déanfaidh an cigire seiceálacha Cosanta Leanaí Leibhéal 1 le linn na cuairte freisin.

## Acmhainní

Ní sholáthraíonn an clár campaí samhraidh aon teimpléid phleanála, aon phleananna ceachta ná aon acmhainní. Ina ionad sin, soláthraíonn sé treoirlínte chun tacú le múinteoirí leas a bhaint as a bhfuil acu cheana féin ina scoil. Tá raidhse acmhainní agus ábhar tacaíochta ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), Oide, na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus ar Scoilnet freisin. Ag an oíche faisnéise do mhúinteoirí, tabharfar tuilleadh mionsonraí faoi naisc ábhartha chuig na suíomhanna Gréasáin sin. Molaimid duit na naisc sin a úsáid chun tacú le foghlaim shúgradhbhunaithe i do champa.